C/2023/1538

12.12.2023

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2017/1775, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/[*uimhir*] ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/[*uimhir*] ón gComhairle a bhaineann leis na bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

(C/2023/1538)

Na daoine a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/[*uimhir*] ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/[*uimhir*] ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí, dírítear a n-aird ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine sin a choinneáil ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2017/1775 agus i Rialachán (AE) 2017/1770. Tugtar na forais leis na daoine sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hiarscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha, mar a léirítear sin sna suíomhanna gréasáin a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 1 Meán Fómhair 2024, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX. 1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Chinneadh (CBES) 2017/1775 agus Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1770.

Tugtar ar aird na ndaoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 251, 29.9.2017, lch. 23.
([2]) IO L, 2023/2799, 12.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2799/oj.
([3]) IO L 251, 29.9.2017, lch. 1.
([4]) IO L, 2023/2798, 12.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2798/oj.